Ag Stopadh i dTeach mo Charad

Tasc A

Rólimirt

An Aoine atá ann. Beidh tú ag stopadh thar oíche i dteach do charad. Tá an bheirt agaibh ag siúl chuig teach do charad i ndiaidh am scoile. Tosaíonn sibh ag labhairt faoi na rudaí a dhéanfaidh sibh an oíche sin agus an lá dár gcionn.

Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas le tacú leis an chomhrá. Bí cinnte go mbíonn seal ag gach duine atá mar chuid den chomhrá na ceisteanna a fhreagairt. Ná déan dearmad freagairt leis an bhriathar nuair is féidir.

1. **Cad é a ba mhaith leat don dinnéar anocht ón tsiopa sceallóg**
2. **Ar mhaith leat amharc ar scannán anocht? Cad iad na scannáin a bhfuil dúil agat iontu?**
3. **Cén t-am a théann tú a luí ag an deireadh seachtaine?**
4. **An mbeidh cóisir meán oíche againn? Cad é a cheannóidh muid sa tsiopa fána choinne?**
5. **An mbíonn luí seoil agat ar an tSatharn? Cén t-am a éiríonn tú ag an deireadh seachtaine?**
6. **Cén bricfeasta is fearr leat a ithe maidin Sathairn? An dtaitníonn friochadh leat?**
7. **An mbíonn ar dhaoine i do theaghlach freastal ar chumainn maidin Sathairn?**
8. **Ar mhaith leat dul chuig an teach anois agus éisteacht le ceol? Cén ceol is fearr leat?**
9. **Ar ghlac tú pitseámaí leat? Cén dath atá orthu?**

Seo frásaí úsáideacha agus cora cainte le tacú leat

- Stopadh i dteach mo charad
- Codladh thar oíche
- Pitseámaí
- Cóta tí
- Bróga tí
- Dinnéar ón tsiopa tsiopa sceallóg, teach píotsa, bia Síneach
- Cóisir meán oíche – brioscáin prátaí, milseáin, líomanáid
- Bricfeasta – friochadh, torthaí, gránach
- Scannán
- Ag éisteacht le ceol
- Callairí
- Luí seoil – codladh isteach
- Ag caint agus ag gáire go mall san oíche
- Ag dul chuig cumainn
- Ag imirt peile, ag dul chuig gleacaíocht, ag imirt spóirt
- Ag dul chuig an tsólann
- An Satharn/Maidin Dé Sathairn
- An Aoine/Oíche Aoine
- Ag dul chun na páirce
- Ag súgradh le cairde
- Am codlata/Am luí
- Rinne mé brionglóid.

© CCEA 2022

Ag Stopadh i dTeach mo Charad

Seanfhocail

An rud is annamh is iontach.

Saibhreas Teanga

Ag geabaireacht
Ag cóisireacht
Ag ligean ár scíthe
Chomh dubh le pic
I lár na hoíche
Chomh sásta le bolg lán

Tasc B

1. Liosta do Chóisir

Smaoinigh ar an chóisir Meán Oíche a bheith agat le do chara. Cad iad na rudaí a bheidh de dhíth oraibh? Smaoinigh ar na rudaí seo:

- Milseáin – cén sórt milseán?
- Bia eile ar nós brioscáin prátaí – cén blas a bhfuil dúil agaibh ann?
- Deochanna – líomanáid, cóc, uisce, sú oráiste
- Ceol – cén sórt ceoil a bheidh sibh ag éisteacht leis?
- Scríobh amach liosta de na rudaí a bheidh de dhíth oraibh. Déan an liosta chomh dathúil agus is féidir.

2. Clár Ama

Beidh tú ag stopadh i dteach do charad. Tá rudaí difriúla beartaithe agaibh don oíche. Scríobh clár ama de na rudaí difriúla a dhéanfaidh sibh. Bí cinnte go bhfuil na hamanna agus na gníomhaíochtaí difriúla soiléir.
Seo cúpla smaoineamh le cuidiú leat:
Cad é a bheidh agaibh don dinnéar agus cén t-am a íosfaidh sibh?
An mbeidh sibh ag amharc ar scannán nó ar chlár teilifíse? Má tá cén t-am?
An ndéanfaidh sibh gníomhaíochtaí ar bith eile? Cén t-am a dhéanfaidh sibh iad?
Cén t-am a bheidh bricfeasta agaibh ar maidin?
Bí cinnte go bhfuil na hamanna san ord cheart. Is féidir an clog 12 uair nó 24 uair a úsáid.
Bí cinnte go bhfuil do pheannaireacht soiléir.

© CCEA 2022